Uimhir Lárionaid

Rewarding Learning

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
January 2014

# Matamaitic

Aonad T5 Páipéar 2
**(Le hÁireamhán)**
Bonnsraith

**[GMT52]**

*GMT52*

**DÉ CÉADAOIN 15 EANÁIR 10.45am-11.45am**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit do fhreagraí a scríobh sna spásanna chuige sin. Ná scríobh taobh amuigh den bhosca, thart ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.**
Comhlánaigh le peann gorm nó le peann dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí**.
Freagair **gach ceann** de na **trí** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Tá cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Déanfar Eilimintí Feidhmeacha a mheas sa pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **gceisteanna 2 agus 3**.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

8695.02


StudentBounty.com
www.StudentBounty.com

# Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a + b)h$





**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad




8695.02


www.StudentBounty.com

**1** **(a)** Scríobh an teocht atá á taispeáint ar an teirmiméadar.




Freagra ______________° C [1]

**(b)**




**(i)** Scríobh an meáchan atá á thaispeáint ag an tsaighead.

Freagra ______________ kg [1]

**(ii)** Cuirtear 3.5 kg breise leis.
Tarraing saighead leis an mheáchan **iomlán** atá ar an scála anois a thaispeáint. [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 1 | |
| | |

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Tá mála milseán an duine ag Jean agus ag Rose.
Tá an líon céanna de mhilseáin taifí, de mhilseáin mhiontais agus de mhilseáin torthaí ag Jean.
Tá a dhá oiread milseáin mhiontais ná milseáin torthaí ag Rose ach níl milseáin taifí ar bith aici.

Tógann gach duine acu milseán amháin go randamach as a mála féin.

**(a)** Cé acu is dóchúla a thógann milseán miontais? **Mínigh do fhreagra go soiléir**.

_______________ mar ______________________________

__________________________________________ [2]

**(b)** Cé acu is dóchúla a thógann milseán torthaí? **Mínigh do fhreagra go soiléir**.

_______________ mar ______________________________

__________________________________________ [2]

| Iomlán Cheist 2 | |
|---|---|
| | |



www.StudentBounty.com

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Tá post páirtaimseartha ag Jill sa stáisiún peitril.
Is é £7 san uair an pá.
Saothraíonn sí am go leith ar an tSatharn agus am dúbailte ar an Domhnach.
An tseachtain seo caite, d'oibrigh sí 6 uair an chloig ar an Luan, 6 uair an chloig ar an tSatharn, agus 4 uair an chloig ar an Domhnach.
Cá mhéad a shaothraigh sí san iomlán?
**Taispeáin do chuid oibre go soiléir.**

Freagra £ ____________________ [5]

| Iomlán Cheist 3 | |
|---|---|
| | |

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com

**4** Saothraíonn gach díoltóir carranna le 'Gluaisteáin Nua' £1800 mar thuarastal bunaidh míosúil.
In éineacht leis sin, saothraíonn siad £75 mar bhónas ar gach carr a dhíolann siad sa mhí.

| |
|---|
| Tuarastal míosúil iomlán = £1800 + Líon na gcarranna díolta × Bónas sa charr díolta |

**(a)** Is díoltóir carranna le 'Gluaisteáin Nua' í Eileen.
Dhíol sí 15 charr i mí Aibreáin.
Oibrigh amach a tuarastal míosúil iomlán i mí Aibreáin.

Freagra £ ____________________ [2]

**(b)** Is díoltóir eile carranna le 'Gluaisteáin Nua' é Jim.
Ba é £3525 a thuarastal míosúil iomlán i mí na Bealtaine.
Oibrigh amach líon na gcarranna a dhíol Jim i mí na Bealtaine.


Freagra ________________ carr [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 4 | |
| | |




www.StudentBounty.com

**5** **(a)** Scáthaigh cearnóg amháin agus triantán amháin sa léaráid sa dóigh go mbeidh líne shiméadrachta amháin ag an chruth iomlán scáthaithe.



[2]

**(b)** Comhlánaigh an cruth **thíos** sa dóigh go mbeidh siméadracht rothlach d'ord 3 ag an chruth chomhlánaithe.



[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 5 | |
| | |

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Tá 63 tíl chearnógach ag Máire agus ba mhaith léi iad uilig a leagan amach le dronuilleog a dhéanamh.

Scríobh fad agus leithead dhá dhronuilleog **éagsúla** a d'fhéadfadh sí a dhéanamh.

Freagra 1ú dronuilleog fad ____________ , leithead ____________ [1]

2ú dronuilleog fad ____________ , leithead ____________ [1]

Iomlán Cheist 6

**7** Baineann 700 duine busáras amach agus tá orthu a bheith aistrithe chuig aerfort áitiúil.

Tá busanna an aerfoirt in ann uasmhéid de 48 paisinéir a iompar.

**(a)** Cá mhéad bus a líontar?

Freagra ____________ bus [1]

**(b)** Ríomh líon na ndaoine a bhfuil orthu taisteal ar an bhus dheireanach lena chinntiú go mbainfidh gach uile duine den 700 duine an t-aerfort amach.

Freagra ____________ duine [1]

Iomlán Cheist 7



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**8** Bhí Bradley ag rothaíocht ar mheánluas de 25 msu.
Athraigh an luas seo ina km/u.

Freagra _______________ km/u [2]

Iomlán Cheist 8

**9** Tá málaí brioscáin phrátaí dar blasanna éagsúla i mbosca.
Tógtar mála brioscáin phrátaí amháin go randamach amach as an bhosca.
Taispeántar sa tábla thíos cuid de na dóchúlachtaí a bhaineann le gach blas a thógáil.

| **Blas** | Cáis | Fínéagar | Bagún | Ispín | Mairteoil |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dóchúlacht** | 0.3 | 0.12 | | 0.25 | 0.05 |

**(a)** Ríomh an dóchúlacht go bhfuil blas Bagúin ar na brioscáin phrátaí.

Freagra ____________________ [2]

**(b)** Ríomh an dóchúlacht **nach** bhfuil blas Fínéagair ar na brioscáin phrátaí.

Freagra ____________________ [1]


Iomlán Cheist 9

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com

**10** Chuaigh Katie ar thuras rothaíochta óna teach féin.
Taispeánann an léaráid thíos an graf faid is ama dá turas iomlán.




| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Cad é a chiallaíonn an líne chothrománach ar an ghraf?

Freagra ______________________________ [1]

**(b)** Cá fhad a thaistil sí sa chéad 30 nóiméad?

Freagra ______________ km [1]



www.StudentBounty.com

**(c)** Cá fhad a thóg sé uirthi an chéad 4 chiliméadar a thaisteal?

Freagra __________ nóiméad [1]

**(d)** Cá raibh Katie i ndiaidh 120 nóiméad?

Freagra ________________________ [1]

**(e)** Cad é an meánluas don chéad 30 nóiméad?

Freagra ____________ km/u [1]

**(f)** Cé acu cuid den turas ina raibh sí ag taisteal ar an mheánluas is gasta?

Freagra ________________________ [1]

**(g)** Cá mhéad nóiméad a thóg sé uirthi fad slí 14 chiliméadar a thaisteal?

Freagra __________ nóiméad [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 10 | |
| | |


[Tiontaigh an leathanach




www.StudentBounty.com

**11** Is ochtagán rialta é an rothlóir seo.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Castar an rothlóir aon uair amháin.
Tá scála dóchúlachta thíos.




Ón scála **scríobh an litir** a léiríonn

**(i)** an dóchúlacht go stopfaidh an rothlóir ar uimhir 10

Freagra __________ [1]

**(ii)** an dóchúlacht go stopfaidh an rothlóir ar ré-uimhir

Freagra __________ [1]

**(iii)** an dóchúlacht go stopfaidh an rothlóir ar uimhir 3

Freagra __________ [1]

**(iv)** an dóchúlacht go stopfaidh an rothlóir ar iolraí de 4

Freagra __________ [1]



www.StudentBounty.com

(b) Castar an rothlóir 60 uair. Cá mhéad uair, dar leat, a stopfadh sé ar uimhir atá níos mó ná 2?

Freagra ____________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 11 | |
| | |

12 Roinn £292 sa chóimheas 1 : 3 : 4

Freagra __________ , __________ , __________ [3]


| | |
|---|---|
| | |
| Iomlán Cheist 12 | |
| | |

[Tiontaigh an leathanach



www.StudentBounty.com

**13** Tá achar trasghearrtha 60 $cm^2$ agus fad 23 cm ag priosma soladach heicseagánach dar mais 8600 g.




Ríomh dlús an phriosma ina $g/cm^3$.

**Tabhair do fhreagra go dtí céim chruinnis chuí.**

Freagra ______________________ $g/cm^3$ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 13 | |
| | |



www.StudentBounty.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**



www.StudentBounty.com

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |

| | |
|---|---|
| Marc Iomlán | |

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com